An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN ÚDARÁIS PINSEAN, 2021

www.pensionsauthority.ie

CLÁR NA NÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh 02

An tÚdarás Pinsean 04

Achoimre ar ghníomhaíocht rialála agus aschuir 05

Cuspóirí an Údaráis a bhaint amach 06

Coiste an Údaráis 10

Na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, le cur os comhair Thithe an Oireachtais 12

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Údaráis 14

Ráiteas maidir le rialú inmheánach 19

Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe 21

Ráiteas ar ioncam cuimsitheach 22

Ráiteas ar an staid airgeadais 23

Ráiteas ar shreafaí airgid 24

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 25

Aguisín I

Ballraíocht i Scéimeanna Pinsin Ceirde (OPS) agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA) 38

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Pinsean ("an tÚdarás") a chur i láthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir Alt 23(2) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Gníomhaíocht mhaoirseachta in 2021

Déanann an tÚdarás scéimeanna pinsin ceirde, conarthaí iontaobhais blianachta scoir, agus Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSAnna) a rialáil in Éirinn. Is fiú breis is €130 billiún de choigilteas scoir ar an iomlán iad sin.

Ba é trasuí Threoir IORP II[1] (IORP II) i ndlí na hÉireann in Aibreán an t-imeacht maoirseachta ba thábhachtaí in 2021. Athrú mór atá ann le haghaidh pinsean in Éirinn agus le haghaidh an Údaráis. Is déine, is casta agus is mionsonraithe iad na hoibleagáidí ar iontaobhaithe scéime anois ná mar a bhí roimhe seo. Téann sé sin i bhfeidhm ar obair an Údaráis ar a sheal. Ní hamháin go bhfuil tascanna breise ag iontaobhaithe agus freagrachtaí breise orthu mar thoradh ar an trasuí nach mór monatóireacht a dhéanamh orthu, cuirtear de cheangal orainn freisin maoirseacht a dhéanamh ar scéimeanna pinsin ar bhonn maoirseacht réamhbhreathnaitheach riosca-bhunaithe agus próiseas athbhreithnithe maoirseachta struchtúrtha a chur i bhfeidhm. Agus gach rud á chur san áireamh, ceanglaítear le trasuí IORP II maoirseacht nua atá níos cuimsithí, níos dúshlánaí, níos bunaithe ar bhreithiúnas agus níos cunóraí ón Údarás.

Ba é a bhí sna príomhghníomhaíochtaí maoirseachta in 2021 ár bhfreagrachtaí maoirseachta nua a phleanáil agus a chur chun feidhme, mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scéimeanna ceirde i dtreo an chomhlíonta. Is iad máistir-iontaobhais an tosaíocht is mó atá againn faoi láthair, mar beidh ról níos mó acu i bpinsin cheirde in Éirinn amach anseo, ach tá spriocdháta leagtha amach againn d'iontaobhaithe gach scéime ábhartha a n-oibleagáidí nua a chomhlíonadh faoi dheireadh 2022.

Gné thábhachtach de ról an Údaráis is ea faisnéis a sholáthar ar oibleagáidí iontaobhaithe agus ar ionchais an Údaráis ina leith, agus bhí an méid sin fíor go háirithe in 2021. D'eisigh an tÚdarás roinnt tuairiscí tábhachtacha chun dáta maidir le forálacha na reachtaíochta trasuite, maidir le pleananna forfheidhmiúcháin an Údaráis, agus maidir le hionchais an Údaráis i ndáil lena n-oibleagáidí faoi IORP II a bheith á gcomhlíonadh ag aonáin rialáilte.

I gcomhar leis an obair mhaoirseachta a bhaineann le IORP II, leanamar lenár ngnáthghníomhaíochtaí maoirseachta, lena n-áirítear maoirseacht ar PRSAnna, monatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí sócmhainneachta sochar sainithe agus, nuair is iomchuí, iniúchadh a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh fhorálacha an Achta.

Tionchar Covid-19

Rinne an tÚdarás monatóireacht leanúnach ar thionchar na paindéime ar earnáil na bpinsean in 2021. Ar aon dul le 2020, d'fheidhmigh córas riaracháin agus córas bainistíochta na scéimeanna go. Rud is tábhachtaí fós, leanadh de shochair a íoc agus bailíodh agus infheistíodh ranníocaíochtaí gan bhriseadh.

Ar an iomlán, is maith mar a d'éirigh le socruithe cianoibre an Údaráis mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19 in 2021. Faoi réir treoirlínte ón rialtas, thosaigh an eagraíocht ar an aistriú i dtreo na hoibre hibridí in 2022, agus déanfar monatóireacht chúramach ar aon éifeacht a bheidh ag an aistriú sin ar chaighdeáin ár gcuid oibre.

Ráiteas Straitéise an Údaráis Pinsean, 2022-2024

D'fhoilsigh an tÚdarás a Ráiteas Straitéise 2022-2024 an 7 Márta 2022. Tá an foilsiú sin ar an gcéim dheiridh d'obair ar cuireadh tús léi i samhradh 2021.

Tá an straitéis nua sin ag teacht leis an treo a leagadh síos sa straitéis roimhe sin a foilsíodh in 2016. An cuspóir fadtéarmach atá againn i gcónaí ná córas pinsin ina mbeidh coigilteas pinsin slán, dea-bhainistithe agus intuigthe, agus ina spreagfar coigilteas pinsin.

Athrú tábhachtach ar chomhthéacs ár straitéise is ea trasuí IORP II. Beidh mar bhonn faoin gcuspóir seo an bhéim a chuirimid inár gcuid oibre, go háirithe inár maoirseacht réamhbhreathnaitheach bunaithe ar riosca, ar dea-thorthaí le haghaidh comhaltaí, ranníocóirí agus tairbhithe, agus cur chun feidhme oibleagáidí IORP II.

Obair an Údaráis Pinsean a mhaoiniú

I ngeall ar IORP II agus ar oibleagáidí nua eile, tá pinsin Éireannacha níos casta, rud a fhágann go bhfuil obair an Údaráis níos casta freisin. Léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo agus i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo méadú mór ar chostais le blianta beaga anuas, mar thoradh ar chostais foirne agus TF níos mó den chuid is mó.

1 Treoir 2016/2341/AE

D'fhaomh an tAire Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, méadú ar tháillí an Údaráis le haghaidh scéimeanna pinsean ceirde le feidhm ón 1 Eanáir 2022. Beidh gá le méaduithe eile sna blianta amach romhainn chun costais a sheasamh agus chun cúlchistí airgeadais stuama a chothú. Forbróidh an tÚdarás straitéis maoiniúcháin fhadtréimhseach in 2022 a bheidh ina bonn le haghaidh aighneachtaí maidir le táillí a chuirfear faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí amach anseo.

Tá sé tábhachtach go mbeadh samhail mhaoiniúcháin atá seasmhach agus athléimneach i bhfeidhm ag an Údarás lena soláthraítear na hacmhainní is gá chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar scéimeanna pinsean ceirde agus ar PRSAnna agus lena soláthraítear intuarthacht dóibh siúd a mbíonn na táillí á n-íoc acu.

Tátal

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire agus leis na hoifigigh sa Roinn Coimirce Sóisialaí. Is mór againn an dlúthchaidreamh oibre eadrainn agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile sna blianta amach romhainn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Bill Cunningham (Cathaoirleach) agus Mick Roche (Comhalta neamhspleách) ónár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca as an obair chrua a rinne siad. Tá siad beirt ag éirí as in 2022 tar éis dóibh dhá théarma, an tréimhse uasta, a chaitheamh ar an gCoiste. Ba mhór againn i gcónaí a dtacaíocht agus a gcuid oibre sna sé bliana seo a chuaigh thart.

Mar fhocal scoir, thar mo cheann féin agus thar ceann chomhaltaí eile an Údaráis, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil leis an Rialtóir Pinsean agus le baill foirne an Údaráis as an obair chrua a rinne siad agus as an ngairmiúlacht a léirigh siad le linn 2021.

An Dr. David Begg
Cathaoirleach

AN TÚDARÁS PINSEAN

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí, agus beirt ghnáthchomhaltaí. Maireann téarma oifige comhalta den Údarás cúig bliana.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis:

An Dr David Begg Cathaoirleach

An tUasal Ciarán Lawler,
Rúnaí Cúnta,
an Roinn Coimirce Sóisialaí
(Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí)

An tUasal Michael J. McGrath
Rúnaí Cúnta
An Roinn Airgeadais (Ionadaí an Aire Airgeadais)

Athcheapadh David Begg ina Chathaoirleach ar an Údarás an 13 Eanáir 2021.

Déantar an chinnteoireacht laethúil a tharmligean do bhaill foirne faoi mhaoirseacht ghníomhach an Údaráis. Is é seo a leanas foireann bainistíochta sinsearaí an Údaráis:

Brendan Kennedy An Rialtóir Pinsean

Grace Guy
Ceann an Aonaid Maoirseachta agus Forfheidhmithe

Ger Clarke
Leascheann an Aonaid Maoirseachta agus Forfheidhmithe

Pat O'Sullivan
Ceannasaí an Aonaid Theicniúil

Andrew Nugent
Ceann an Aonaid Beartais

Brendan Roche
Ceann an Aonaid Dlí

Dervla O'Keeffe
Ceann an Aonaid TF

P J Kelly
Ceann an Aonaid Sonraí

Sylvia McNeece
Ceann an Aonaid Bainistíochta Clár

David Malone
Ceann an Aonaid Oibriúcháin

ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHT RIALÁLA AGUS ASCHUIR

6 CHÁS IONCHÚISIMH

Tugadh 6 chás ionchúisimh chun críche.

CUIREADH TÚS LE

15 IMSCRÚDÚ NUA

AR SHÁRAITHE LÍOMHNAITHE AR AN ACHT.

Is iomaí cineál sáraithe a bhí i gceist leis na sáruithe líomhnaithe sin, ó asbhaint ranníocaíochtaí gan iad a íoc isteach sa scéim go dtí teipeadh freagra a thabhairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis.

24 IMSCRÚDÚ I GCRÍCH

Cuireadh 24 imscrúdú i gcrích agus dúnadh iad le linn na bliana.

20 CRUINNIÚ RANNPHÁIRTÍOCHTA

Tionóladh 20 cruinniú rannpháirtíochta le boird iontaobhaithe máistir-iontaobhas, scéimeanna le ranníocaíochtaí sainithe agus scéimeanna le sochar sainithe mar chuid den chlár rannpháirtíochta in 2021.

1 INIÚCHADH DEISCE

Rinneadh aon iniúchadh amháin ar riarthóir cláraithe a bhain le moill ar dhoiciméid maidir le pinsin a eisiúint do na baill.

7 GCIGIREACHT AR AN LÁTHAIR

Rinneadh cigireacht ar sheacht ngnólacht MiFID (Treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais) a fheidhmíonn PRSAnna neamhchaighdeánacha le fáil amach an mbíonn conarthaí tríú páirtí/comhthreomhara in úsáid acu, mar tá cosc orthu sin faoin Acht.

FAOMHADH

5 THOGRA MAOINIÚCHÁIN Ó SCÉIMEANNA LE SOCHAR SAINITHE

494 DE 553

Bhí an caighdeán maoiniúcháin á chomhlíonadh ag 494 scéim de na 553 scéim le sochar sainithe atá faoina réir amhail an 31 Nollaig 2021.

Maidir leis na 59 scéim atá fágtha, tá tograí maoinithe curtha ar bun acu go léir seachas ceithre cinn díobh, nó tá siad i mbun tograí maoinithe a chur isteach, arna ndearadh chun a chumasú don scéim an caighdeán maoinithe a shásamh laistigh de théarma sonraithe.

10,400 CEIST GHINEARÁLTA

Fuarthas 10,400 ceist ghinearálta maidir le cúrsaí pinsin agus próiseáil sonraí i gcaitheamh na bliana, agus pléadh leo.

263,000 SONRA ARNA

Rinneadh 263,000 sonra arna gcur isteach ag comhlachtaí rialáilte a phróiseáil trí Chlár Sonraí Pinsin an Údaráis.

CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A BHAINT AMACH

An fhís atá ag an Údarás don todhchaí ná córas pinsin ina mbeidh coigilteas pinsin slán, dea-bhainistithe agus intuigthe, agus ina spreagfar coigilteas pinsin.

Ár mbunchuspóir

1. Scéimeanna pinsin agus PRSAnna a rialú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus muinín an phobail i bpinsin a chothú ar an gcaoi sin.
2. Tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe scéimeanna pinsin agus don phobal ach treoir agus faisnéis a chur ar fáil.
3. Sainchomhairle a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí agus don Rialtas maidir le cúrsaí pinsin.

Ár dtreoirphrionsabail

Leas an phobail – bímid ag gníomhú ar mhaithe le leas agus le folláine an phobail agus na sochaí.

Gairmiúlacht – bainimid úsáid as scileanna, saineolas, breithiúnas maith agus meas inár gcuid oibre.

Ionracas – gníomhaímid go macánta eiticiúil agus táimid tiomanta don chuntasacht agus don trédhearcacht.

Éifeachtacht – dírímid ár gcuid iarrachtaí ar thoradh inmhianaithe a bhaint amach go rathúil.

Éifeachtúlacht – seachnaímid ábhair, fuinneamh, iarrachtaí, airgead agus am a chur amú.

Freagrúlacht – téimid in oiriúint do na cúinsí de réir mar a athraíonn siad chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Neamhspleáchas – gníomhaímid go hoibiachtúil neamhchlaonta agus ár gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh againn.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an Údaráis na trí chuspóir straitéiseacha atá ag an eagraíocht chun a fís a chur i gcrích, mar seo a leanas:

1. Pinsin cheirde atá idir sheasmhach agus iontaofa a bheidh i gcóras pinsean na hÉireann, agus déanfar dea-bhainistíocht orthu de réir caighdeáin arda iomchuí.
2. Tuigfidh an pobal, an bhallraíocht, rannpháirtithe agus tairbhithe go maith gur foinse inrochtana, ábhartha agus phraiticiúil eolais é an tÚdarás.
3. Beidh an tÚdarás ina fhoinse luachmhar sainchomhairle don Aire Coimirce Sóisialaí agus don Rialtas maidir le cúrsaí pinsin.

Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil na gníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás in 2021 chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ionchúisimh

Féadfar an dlí a chur ar aonáin rialáilte mar gheall ar neamhchomhlíonadh. Thug an tÚdarás sé chás ionchúisimh chun críche in 2021 agus baineadh ciontú amach i dtrí chás mar seo a leanas:

- Dhá chás a bhain le hasbhaint ranníocaíochtaí pinsin fostaithe nár íocadh isteach i scéim laistigh den fhráma ama reachtúil (alt 58A(1) d'Acht na bPinsean).
- Cás amháin a bhain le ranníocaíochtaí éigeantacha pinsin fostaithe nár íocadh isteach i scéim laistigh den fhráma ama reachtúil (alt 58A(2) d'Acht na bPinsean).

Scriosadh amach na cásanna eile den chuid is mó mar gheall ar riaráistí a íoc nó toisc gur ceartaíodh an t-ábhar bunúsach roimh dháta na cúirte.

Imscrúduithe

In 2021, chuir an tÚdarás tús le 15 imscrúdú nua ar sháruithe líomhnaithe éagsúla ar Acht na bPinsean. Is iomaí cineál sáraithe a bhí i gceist leis na sáruithe líomhnaithe sin, ó asbhaint ranníocaíochtaí gan iad a íoc isteach sa scéim go dtí teipeadh freagra a thabhairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis. Cuireadh 24 fiosrúchán i gcrích le linn na bliana agus dúnadh iad.

Cásanna comhlíonta

In 2021, bhí baint ag an Údarás le roinnt cásanna casta comhlíonta, agus tá cuid de na cásanna sin ag dul ar aghaidh i gcónaí, lena n-áirítear na cásanna seo a leanas:

- mainneachtain na n-iontaobhaithe tograí maoiniúcháin déanacha a chur isteach le haghaidh scéim le sochar sainithe,
- imscrúduithe ar iompar agus ar iompraíocht iontaobhaithe in earnáil na scéimeanna pinsin beaga féinriartha (SSAP), agus
- tús a chur le himeachtaí Ard-Chúirte chun oifig a bhaint d'iontaobhaí de bhun alt 63 den Acht.

Maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach

Ar fhorbairt maoirseachta réamhbhreathnaithí bunaithe ar riosca a bhí an bhéim ba mhó in 2021. Thionóil an tÚdarás 20 cruinniú rannpháirtíochta le boird iontaobhaithe máistir-iontaobhas, scéimeanna le ranníocaíochtaí sainithe agus scéimeanna le sochar sainithe mar chuid den chlár rannpháirtíochta in 2021. Cuireann an rannpháirtíocht sin leis an obair a tosaíodh in 2020 agus tá sí mar chuid d'aistriú an Údaráis chuig cur chuige riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach i leith na maoirseachta.

Díríodh ar an iomlán sa rannpháirtíocht sin ar fhéachaint ar chumas na scéimeanna na ceanglais níos mó ó thaobh rialachais agus bainistíocht riosca de faoi IORP II a chomhlíonadh. Foilsíodh

tuarascáil ar na príomhthorthaí a sainaithníodh sa phróiseas rannpháirtíochta i Nollaig 2021.

Maoiniú scéimeanna le sochar sainithe

Ag deireadh 2021, 494 de na 553 scéim le sochar sainithe ann a bhí faoi réir an chaighdeáin maoinithe, chomhlíon siad an caighdeán. Maidir leis na 59 scéim atá fágtha, tá tograí maoinithe curtha ar bun acu go léir seachas ceithre cinn díobh, nó tá siad i mbun tograí maoinithe a chur isteach, arna ndearadh chun a chumasú don scéim an caighdeán maoinithe a shásamh laistigh de théarma sonraithe. Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle ar bhonn díreach le haon scéim nach gcuirfidh togra maoinithe isteach.

In 2021, d'fhaomh an tÚdarás cúig mholadh maoinithe ó scéimeanna le sochar sainithe.

Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS)

Lean an tÚdarás de mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí faoi SPSPS i measc comhlachtaí poiblí agus go háirithe an ceanglas maidir le ráitis sochair ball a eisiúint.

Iarratais trasteorann

Tháinig athrú ar oibleagáidí trasteorann scéimeanna pinsin le baill sa Ríocht Aontaithe ar dhul in éag na hidirthréimhse a bhí ann sular fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach an 31 Nollaig 2020. In Eanáir 2021, eisíodh litreacha chuig na 19 scéim a bhí i gceist. Ina theannta sin, dhéileáil an tÚdarás le roinnt fiosrúchán ó scéimeanna agus ó iontaobhaithe i ndáil leis na forálacha trasteorann nua a tháinig i bhfeidhm faoi IORP II.

Iarratais agus leasuithe ar tháirgí PRSA

In 2021, d'fhaomh an tÚdarás, i gcomhair leis na Coimisinéirí Ioncaim, dhá tháirge nua PRSA agus tarraingíodh siar dhá tháirge PRSA eile tar éis iarratas a fháil chuige sin ón soláthraí. Rinneadh 14 leasú freisin ar tháirgí reatha i gcaitheamh na bliana. Bhain na leasuithe sin le hathruithe ar an struchtúr gearrtha táillí nó le cistí a chur le táirge PRSA nó iad a bhaint uaidh.

Deimhnithe achtúire PRSA agus tuairiscí bliantúla PRSA

Níorbh ann d'aon samplaí suntasacha de neamhchomhlíonadh sainaitheanta ag achtúirí PRSA in 2021. Scrúdaigh an tÚdarás gach mionsampla de neamhchomhlíonadh a thuairiscigh achtúirí PRSA agus pléadh iad leis an soláthraí bainteach PRSA, nuair ba ghá.

Próiseas bliantúil athnuachana RC

Le linn na bliana, fuair an tÚdarás 4 iarratas RC nua agus rinne 12 RC iarratas ar a gclárú RC a fhoirceannadh in 2021 agus tugadh an cead sin dóibh. 105 RC a bhí ar chlár an Údaráis amhail Feabhra 2022.

Tuairisciú éigeantach agus deonach/sceithireacht

Tá forálacha reachtúla, ar a dtugtar oibleagáidí sceithireachta, i bhfeidhm lena gcuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine sonraithe atá páirteach i bhfeidhmiú scéimeanna pinsin cheirde, RACanna agus PRSAnna Iontaobhais. Ní mór do na daoine sin tuairisc a thabhairt don Údarás má mheasann siad go ndearnadh calaois nó mí-leithghabháil ábhartha nó má mheasann siad go bhfuil baol ann go dtarlóidh a leithéid. Féadfaidh duine ar bith tuairisc dheonach a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le staid agus feidhmiú scéime, RAC Iontaobhais nó PRSA. Tugann an tÚdarás aird ar gach tuairisc den sórt sin agus coinníonn sé faoi rún iad.

Nochtuithe cosanta

Ní dhearnadh aon nochtadh don Údarás in 2021 a measadh a bheith ina nochtadh cosanta de réir mar a leagtar amach san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Cinntí

Faoin Acht, tá an chumhacht ag an Údarás in imthosca áirithe cinntí atá ina gceangal de réir an dlí a dhéanamh ar iarratas ó pháirtithe áirithe. D'fhéadfadh na cinntí sin a bheith ag teastáil ó iontaobhaithe scéimeanna maidir le sochair na mball iarchurtha a aistriú chuig socruithe eile nó chun ligean don Údarás, in imthosca áirithe, iontaobhaí a cheapadh in ionad an iontaobhaí atá ann. Níor eisigh an tÚdarás aon chinneadh reachtúil in 2021.

Tacaíocht theicniúil

In 2021, thug an tÚdarás tacaíocht theicniúil don Aire Coimirce Sóisialaí agus don Roinn agus do ranna agus gníomhaireachtaí eile an rialtais maidir le cúrsaí pinsin, lena n-áirítear reachtaíocht AE, leasuithe ar na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (Dualgais Iontaobhaithe i dTaca le Bulcaistriú) 2009 go 2021 chun comhdhlúthú a éascú, agus féinchlárú. Ina theannta sin, sholáthair an tÚdarás tacaíocht do Rúnaíocht an Choimisiúin Pinsean in 2021.

Thosaigh an tÚdarás ag obair ar thograí mionsonraithe cur chun feidhme tar éis thrasuí Threoir IORP II, agus ar ghnéithe ábhartha den Treochlár um Athchóiriú Pinsean. Áiríodh ar na nithe sin:

- córas maoirseachta riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach a fhorbairt,
- córas oiriúnach cuí d'iontaobhaithe agus dóibh siúd atá ag gabháil do phríomhfheidhmeanna,
- caighdeáin rialachais nua lena sonraítear struchtúir rialachais agus bainistíochta iomchuí, agus
- próiseas údaraithe le haghaidh scéimeanna nua agus cinn atá ann cheana.

Glacann an tÚdarás páirt ghníomhach san obair a bhaineann le pinsin a bhíonn ar bun ag an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Tá ÚEÁPC ag croílár na maoirseachta ar árachas agus ar phinsin cheirde san Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, rannchuidíonn an tÚdarás le hobair eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, mar shampla:

- Eagraíocht Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Pinsean (IOPS), agus
- An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) - Meitheal Oibre um Pinsin Phríobháideacha.

Ina theannta sin, fuair an tÚdarás roinnt iarrataí ar fhaisnéis in 2021 ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus thug sé freagra orthu.

Forbairt beartais agus taighde

Mar chomhalta den Ghrúpa Idir-Rannach Athchóirithe agus Cánachais Pinsean, chuir an tÚdarás le breithnithe agus le tograí chun pinsin a shimpliú. Threoraigh an tÚdarás roinnt tascanna in 2021 chun céim a haon de thuarascáil an Ghrúpa a chur chun feidhme, lena n-áirítear athbhreithniú ar úsáid roinnt PRSAnna agus breithniú ar chur chuige an Údaráis i leith athruithe ar PRSAnna atá ann cheana féin a fhaomhadh. D'fhorbair an tÚdarás moltaí chun ceanglas nua maidir le nochtadh a thabhairt isteach le haghaidh baill i scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe ar mian leo aistriú chuig PRSA agus rinneadh dul chun cinn i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi dheireadh 2021. Tá moltaí le haghaidh leasuithe ar an reachtaíocht á bhforbairt ag an Údarás agus beidh na leasuithe sin de dhíth nuair a thabharfar isteach PRSA saoil iomláin. Leanfar leis an obair sin in 2022.

Lean an tÚdarás de bheith i dteagmháil le hachtúirí, leis an tionscal, leis an lucht léinn agus le rialtóirí eile ar réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear tuiscint a fháil ar an tionchar a bheadh ag an airgeadas inbhuanaithe agus ag fachtóirí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais ar earnáil na bpinsean.

Forbairt córas TF agus sonraí

Rinneadh dul chun cinn mór i rith na bliana faoi Threochlár Straitéiseach an Údaráis 2021-2023 maidir le TF agus Sonraí.

Is ann do bhreis is 177,000 scéim pinsean ceirde in Éirinn ag a bhfuil breis is 1.7 milliún ball gníomhach agus iarchurtha. Is ann do níos mó scéimeanna beaga agus aonbhaill in Éirinn ná in aon tír eile san Aontas Eorpach. Anuas ar shonraí a sholáthar le haghaidh riachtanais rialála agus oibríochtúla an Údaráis, is acmhainn faisnéise atá sna sonraí sin ar phinsin le haghaidh na Roinne Coimirce Sóisialaí (le haghaidh an bheartais maidir le pinsin) agus na Roinne Airgeadais agus na gCoimisinéirí Ioncaim chun bonn eolais a chur faoin mbeartas cánach, agus chun tacú leis an mbeartas cánach, i réimse na bpinsean.

Tá cuid mhór d'obair forbartha bogearraí an Údaráis á bainistiú agus á forbairt go hinmheánach anois faoi mar a d'fhorbair an tÚdarás na hacmhainní riachtanacha le roinnt blianta anuas chun tacú leis an gcur chuige sin. Cuireann sé sin ar a chumas don Údarás a bheith solúbtha agus sofhreagrúil ina chur chuige agus ina fhreagairt ar riachtanais TF nua.

Ba iad seo a leanas péire den dá thionscadal mhóra a bhí ar siúl in 2021:

- **Forbairt Córais Pinsean Chomhtháite (IPS)**

Tá na ceanglais á bailiú faoin tionscadal seo le haghaidh fhorbairt an chórais a chuirfear in ionad an Chláir Sonraí Pinsean (PDR) atá ann faoi láthair agus a bhfuil a sheal tugtha nach mór. Beifear in ann IPS a leathnú amach agus tacóidh sé le forbairtí sainoiriúnaithe amach anseo, lena n-áirítear iad sin a bhfuil gá leo le haghaidh maoirseacht réamhbhreathnaitheach bhunaithe ar riosca agus bailiú sonraí maidir le pinsin le haghaidh ÚEÁPC. Tosófar ar na chéad ghnéithe de IPS a úsáid in 2023.

- **Tionscadal Athnuachana Bonneagair**

I mí Dheireadh Fómhair 2021, thosaigh an tÚdarás ar dheasc Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) a úsáid mar sheirbhís. I measc na mbuntáistí líonmhaire a bhaineann leis an aistriú chuig an réiteach sin ó OGCIO, áirítear slándáil níos fearr agus costais níos lú. Mar chuid den tionscadal, thosaigh an tÚdarás ar úsáid a bhaint as réitigh eile 'Tógáil le Roinnt' ó OGCIO freisin.

Faisnéis agus treoir

Tacaíonn an tÚdarás le hiontaobhaithe, soláthraithe PRSA, riarthóirí, fostaithe agus comhairleoirí le faisnéis agus le treoir chun cabhrú leo a n-oibleagáidí faoin Acht a thuiscint agus a chomhlíonadh. I gcaitheamh na bliana, d'eisigh an tÚdarás faisnéis agus cumarsáid a bhaineann lena aonáin rialáilte ar a shuíomh gréasáin.

Fuarthas 10,400 ceist ghinearálta maidir le cúrsaí pinsin agus próiseáil sonraí i gcaitheamh na bliana, agus pléadh leo. Is ó bhaill scéime a tháinig an chuid ba mhó de na ceisteanna ginearálta agus bhain cuid mhaith acu leis na Rialacháin maidir le Scéimeanna Pinsean Ceirde (Nochtadh Faisnéise), 2006 go 2021. Thug an tÚdarás freagra ar gach fiosrú de réir Chairt Custaiméirí an Údaráis.

I gcaitheamh na bliana, d'fhreastail an tÚdarás ar imeachtaí poiblí (ar bhonn fíorúil) agus rinne sé cur i láthair iontu, agus dhéileáil sé le fiosrúcháin dhíreacha ó na meáin ar shaincheisteanna pinsin.

Tar éis IORP II a thrasuí i ndlí na hÉireann, d'fhoilsigh an tÚdarás faisnéis agus treoir mar a leanas:

- Cód Cleachtais le haghaidh iontaobhaithe scéimeanna pinsin ceirde agus RACanna iontaobhais.
- Tuarascáil ar Thorthaí an Chláir Rannpháirtíochta, 2021.
- Treoir d'fhostóirí maidir le máistir-iontaobhais le ranníocaíochtaí sainithe.
- Ceisteanna Coitianta maidir le hinfheistíocht agus iasachtaí le haghaidh socruithe aonbhaill.
- Faisnéis ar na nithe seo a leanas:
  - an ráiteas bliantúil ar chomhlíontacht,

- oibleagáidí na n-iontaobhaithe maidir le fógraí a sheachfhoinsiú agus conas an tÚdarás a chur ar an eolas maidir le ceapachán daoine atá ag gabháil do phríomhfheidhmeanna,
- uainiú an fhéinmheasúnaithe riosca,
- beart riosca airgeadais sochair sainithe, agus
- na cúrsaí a chomhlíonann ceanglais an Údaráis maidir le cáilíochtaí iontaobhaithe.

D'fhoilsigh an tÚdarás an fhaisnéis sin agus cumarsáid eile a bhaineann lena aonáin rialáilte ar www.pensionsauthority.ie

Fiosrúcháin ó Chomhaltaí an Oireachtais

Soláthraíonn an tÚdarás seoladh ríomhphoist tiomnaithe le haghaidh fiosruithe ó chomhaltaí an Oireachtais atá ag iarraidh faisnéis maidir le cúrsaí pinsin nó maidir le hobair an Údaráis. Phléigh an tÚdarás le cheithre fhiosrúchán ó chomhaltaí Oireachtais in 2021.

Ina theannta sin, sholáthair an tÚdarás faisnéis don Roinn Coimirce Sóisialaí mar fhreagairt ar 33 Ceist Pharlaiminte le linn 2021.

Saoráil faisnéise

D'fhreastail an tÚdarás ar sé iarratas saorála faisnéise in 2021, laistigh de na spriocdhátaí reachtúla i ngach cás.

Cosaint sonraí

Le linn 2021, reáchtáil an tÚdarás tionscnaimh rialta chun feasacht a mhúscailt agus chuir sé faisnéis agus oiliúint ar fáil maidir le cosaint sonraí agus bainistíocht taifead ar fud na heagraíochta.

Ní raibh aon tuairisc ar shárú sonraí le déanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in 2021.

Fuair an tÚdarás iarratas amháin ar shonraí pearsanta ón duine ab ábhar dóibh le linn 2021.

Acmhainní daonna

Tá an tÚdarás tiomanta d'áit shábháilte oibre a chur ar fáil agus bíonn sé ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.

Trí fhoghlaim agus forbairt leanúnach, tugann an tÚdarás an deis d'fhostaithe forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus ar an eolas a theastaíonn uathu ina gcuid ról chun freastal ar leas an phobail ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Tá an tÚdarás tiomanta infheistíocht a dhéanamh i saineolas ár bhfostaithe ionas gur féidir leo a ngairmeacha beatha a chur chun cinn san eagraíocht féin agus níos faide i gcéin.

Comhionannas san earnáil phoiblí, éagsúlacht, agus dualgas um chearta an duine

Caitheann an tÚdarás dúthracht leis na dualgais atá air a chomhlíonadh maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna fostaithe agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint, de réir mar a cheanglaítear air faoi Dhualgas Comhionannais agus Ceart Daonna na hEarnála Poiblí (faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014).

Is fostóir comhionannas deiseanna é an tÚdarás. Tagann na fostaithe ó chúlraí gairmiúla éagsúla san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon agus ina measc tá riarthóirí pinsin, achtúirí, dlíodóirí, cuntasóirí, anailísithe sonraí, comhairleoirí airgeadais cáilithe, soláthraithe seirbhíse do chustaiméirí, agus innealtóirí bogearraí agus crua-earraí TF.

Íocaíochtaí prasa

Feidhmíonn an tÚdarás beartas íocaíochta praise 15 lá i gcomhréir le Cinneadh S29296 a ghlac an Rialtas i Márta 2011. Foilsíonn an tÚdarás a thuarascálacha ráithiúla maidir le híocaíochtaí prasa ar a shuíomh gréasáin.

Úsáid fuinnimh agus tionscnaimh ghlasa

B'ionann an méid iomlán fuinnimh a d'úsáid an tÚdarás in 2021 agus 126,098 cileavatuair leictreachais. Cuimsíodh an tÚdarás i dTuarascáil Bhliantúil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, 2021, maidir le feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí agus sonraíodh go rabhamar níos éifeachtúla ná ár mbonnlíne agus gur baineadh amach sprioc 2020.

Tá an tÚdarás ag cloí leis na treoirlínte ón Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le soláthar poiblí glas agus tá sé ag obair fós ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt isteach áit ar bith ar gá i ngach cuid den eagraíocht.

COISTE AN ÚDARÁIS

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) mar chuid den timpeallacht rialaithe laistigh den Údarás. Tá sé de chúram ar an gCoiste maoirseacht agus comhairle neamhspleách a sholáthar don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta, mar aon le hiontaofacht i ndáil le tuairisciú airgeadais.

Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais laethúil na heagraíochta, atá faoi dhualgas an Fheidhmeannais. Go háirithe, déanann an Coiste monatóireacht neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta.

Tá téarmaí tagartha an Choiste sin leagtha amach ina Chairt. Rinne an Coiste a athbhreithniú bliantúil ar an gCairt le linn 2021 agus d'fhaomh an tÚdarás é ag an gcruinniú ar an 26 Aibreán 2022.

Ballraíocht an Choiste

Ceathrar comhaltaí atá ar an gCoiste, lena n-áirítear cathaoirleach neamhspleách, comhalta neamhspleách neamhfheidhmiúcháin, ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ionadaí ón Roinn Airgeadais. Leagtar amach thíos an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste le haghaidh 2021.

Cruinnithe an ARC in 2021 Líon na gcruinnithe a tionóladh: 6		
Ainm	**Post**	**Freastal**
Bill Cunningham	Cathaoirleach	6/6
Kevin Barron	Ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí	6/6
Brendan O'Leary	Ionadaí na Roinne Airgeadais	6/6
Michael Roche	Comhalta neamhspleách neamhfheidhmiúcháin	6/6

Obair an Choiste in 2021

Rinne an Coiste, agus riachtanais a fheidhm chomhairleach á gcomhlíonadh aige, measúnú ar fheidhmiú phríomhghnéithe na gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san Údarás in 2021. Ba ar bhonn cianda a reáchtáil an Coiste a chruinnithe le linn 2021 i gcomhréir le srianta agus treoirlínte Covid-19 an Rialtais.

Iniúchadh inmheánach

Leis an iniúchadh inmheánach, déantar meastóireacht oibiachtúil ar leordhóthanacht agus éifeachtacht fhoriomlán chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha an Údaráis agus tugtar tuairim ina dtaobh sin. D'fhaomh an Coiste clár oibre iniúchóireachta inmheánaí na bliana 2021 ar a raibh an méid seo a leanas:

- athbhreithniú ardleibhéil ar rialuithe inmheánacha san Údarás, agus
- athbhreithniú ardleibhéil ar nósanna imeachta soláthair an Údaráis.

Bhuail an Coiste leis na hiniúchóirí inmheánacha chun torthaí an iniúchta a phlé agus rinne sé monatóireacht air mar a chur an Feidhmeannas i bhfeidhm moltaí iniúchta le linn 2021. Rinneadh na hiniúchtaí ar bhonn cianda in 2021.

Shocraigh an Coiste ar chlár oibre le haghaidh na n-iniúchóirí inmheánacha don tréimhse 2021-2023. Mar aitheantas ar an bhfás ar mhéid agus ar chastacht an Údaráis, cuirfear le raon feidhme an iniúchta inmheánaigh ó 2022 ar aghaidh agus cuimseofar iniúchadh breise.

Iniúchadh seachtrach

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir seachtrach an Údaráis. D'eisigh an tArd-Reachtaire tuairim iniúchóra neamhcháilithe maidir le ráitis airgeadais an Údaráis, 2020. Bhuail an Coiste leis na hiniúchóirí seachtracha chun torthaí an iniúchta a phlé agus rinne sé monatóireacht ar an gcaoi a raibh an Feidhmeannas ag cur na moltaí iniúchta chun feidhme i rith 2021. Ba ar bhonn cianda a rinneadh an t-iniúchadh in 2021.

Maoirseacht airgeadais

Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais agus oibríochtaí laethúil na heagraíochta, atá faoi chúram an Fheidhmeannais. Le linn 2021, rinne an Coiste athbhreithniú ar na cuntais ráithiúla bhainistíochta, agus rinne sé scrúdú ar na cúiseanna a bhí le haon imeacht ábhartha ón gcaiteachas pleanáilte, rud a pléadh leis an bhFeidhmeannas chomh maith. Rinne an Coiste athbhreithniú ar infheistíochtaí an Údaráis gach ráithe. Ina theannta sin, rinne an Coiste monatóireacht ar shreafaí airgid amach anseo an Údaráis i bhfianaise mórchaiteachas caipitil a bheith pleanáilte agus fuair sé tuairiscí ar dhul chun cinn na dtionscadal ábhartha.

Bainistíocht riosca

Déanann an Feidhmeannas clár rioscaí a thiomsú agus a bhainistiú agus sainaithníonn sé na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus na bearta atá á ndéanamh ag an bhFeidhmeannas, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Thug an Coiste aiseolas don Údarás ar a athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí. Nuashonraíodh an próiseas bainistíochta riosca le haghaidh 2021 chun an scóráil riosca, éifeachtacht na rialuithe agus an mhonatóireacht riosca a dhéanamh níos soiléire agus chun níos mó faisnéise a chur ar fáil iontu, agus chun nasc a dhéanamh idir an measúnú riosca agus ráiteas inghlacthachta riosca an Údaráis. Tá an Coiste deimhin go raibh an próiseas chun príomhrioscaí a aithint, iad a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu láidir go leor lena chinntiú go raibh córas éifeachtach bainistíochta riosca i bhfeidhm san Údarás in 2021.

Rialachas corparáideach

In 2021, fuair an Coiste nuashonruithe ón Rialtóir Pinsean maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta an Údaráis agus maidir le cúrsaí

lena n-áirítear tionscnaimh athchóirithe pinsean, trasuí IORP II, forbairt córas TF agus tionscadail bainistíochta sonraí, ioncam ó tháillí agus acmhainní daonna.

Chuir an Coiste tuairisc faoi bhráid an Údaráis tar éis gach ceann dá chruinnithe in 2021. Chomhlíon an Coiste a oibleagáidí faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2021. Agus ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh aige, rinne an Coiste measúnú ar a fheidhmíocht féin in 2021. Bhí toradh an fhéinmheasúnaithe dearfach. Chuir Cathaoirleach an Údaráis in iúl, ag cruinniú an Údaráis an 26 Aibreán 2022, go raibh sé sásta le feidhmíocht an Choiste agus Chathaoirleach an Choiste.

Tátal

Tá an Coiste sásta go bhfuil córas daingean rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta airgeadais curtha ar bun san Údarás. Tá sé sásta chomh maith go bhfuil córas iomchuí i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht riosca éifeachtach san Údarás.

Foilsítear tuarascáil bhliantúil iomlán an Choiste ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

An tUasal Bill Cunningham
Cathaoirleach

Márta 2022

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE, LE CUR OS COMHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Pinsean

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 mar a éilítear de réir fhorálacha Alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990.
Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim féin, tugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Pinsean amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2021 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé an t-iniúchadh de mo chuid ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Pinsean agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Pinsean faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisc de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Mary Henry
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
24 Meitheamh 2022

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990
- chun a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh nó ná bíodh mar gheall ar chalaois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 22 d'Acht na bPinsean 1990 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid.

Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann tar éis iniúchadh a dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna). Féadtar míshonruithe tarlú ó chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, dá mbeifí ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh agus de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád i rith an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam:

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Bainim de thátal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas an Údaráis Pinsean leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis Pinsean de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith.

I dtaca leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

RÁITEAS UM RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Pinsean a cuireadh ar bun de bhun Acht na bPinsean, 1990. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in alt 10 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach don Aire Coimirce Sóisialaí. Tá an tÚdarás freagrach as dea-rialachas a chinntiú laistigh den eagraíocht agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chomhaontú leis an bhFeidhmeannas agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist ghnó phríomhúil. Ní mór don Rialtóir Pinsean agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan a leanúint arna chomhaontú leis an Údarás, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach go comhchoiteann as gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh. Déanann sé freagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil an Údaráis a tharmligean don Rialtóir Pinsean agus don Fheidhmeannas. Ní scaoileann a leithéid de tharmligeann an tÚdarás ón dualgas chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna tarmligthe. Tá an tÚdarás freagrach as príomhfheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear: an treo straitéiseach agus pleananna gníomhaíochta móra a athbhreithniú agus a threorú, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó, cuspóirí feidhmíochta a shocrú, monatóireacht ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht an Údaráis, agus maoirseacht ar mhór-chaiteachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta.

I measc na mbuan-mhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás ag na cruinnithe dá chuid tá:

- coinbhleachtaí leasa,
- riosca,
- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (agus tuairisciú airgeadais san áireamh),
- tuarascáil an Rialtóra Pinsean, agus
- cinntí forfheidhmithe agus rialála.

Faoi alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990, ceanglaítear ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás na nithe a leanas a dhéanamh faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016):

- beartais chuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breitheanna a thabhairt agus réamh-mheastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- sonrú cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Údarás taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis ag aon am le cruinneas réasúnta, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean bliantúil ag cruinniú den Údarás an 7 Nollaig 2021. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil an 25 Eanáir 2022.

Tá an tÚdarás freagrach as moladh bliantúil a thabhairt don Aire Coimirce Sóisialaí maidir le táillí PRSA agus táillí scéimeanna pinsean ceirde.

Bíonn an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2021.

Gnóthas leantach

Faoi alt 25 d'Acht na bPinsean, is é an tAire Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a ordaíonn táillí an Údaráis. Tar éis comhairliúcháin leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, thoiligh an tAire Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go méadófaí táillí an Údaráis le haghaidh scéimeanna pinsean ceirde 50% le feidhm ón 1 Eanáir 2022. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na sreafaí airgeadais don bhliain amach romhainn, agus tá sé sásta go mbeidh cistí leordhóthanacha ar fáil lena chinntiú go leanfaidh an tÚdarás d'fheidhmiú mar ghnóthas leantach sna blianta amach romhainn.

Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de chathaoirleach agus beirt gnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Coimirce Sóisialaí gach duine acu. Maireann ceapachán chun an Údaráis ar feadh tréimhse suas le cúig bliana. Tá comhaltaí incháilithe le haghaidh athcheapacháin. Tagann comhaltaí an Údaráis le chéile beagnach gach sé seachtaine de réir sceideal cruinnithe arna chomhaontú ag tús gach bliana.

Sonraítear sa tábla thíos dáta ceapacháin chomhaltaí an Údaráis in 2021:

Comhalta an Údaráis	Ról	Dáta Ceapacháin
David Begg*	Cathaoirleach	12 Eanáir 2016
Michael McGrath	Ionadaí na Roinne Airgeadais	17 Feabhra 2020
Ciarán Lawler*	Ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí	29 Márta 2021

*Ceapadh David Begg ina chomhalta den Údarás an 12 Eanáir 2016 agus athcheapadh an 13 Eanáir 2021 é. D'éirigh Jacqui McCrum, iarLeas-Rúnaí sa Roinn Coimirce Sóisialaí, as mar chomhalta den Údarás an 24 Lúnasa 2020. D'fhreastail Ciarán Lawler, Rúnaí Cúnta, an Roinn Coimirce Sóisialaí ar chruinnithe mar bhreathnóir de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ón 27 Deireadh Fómhair 2020 agus ceapadh é ina chomhalta den Údarás an 29 Márta 2021.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Údaráis le haghaidh 2021 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach comhalta:

Cruinnithe an Údaráis 2021 Líon na gcruinnithe a tionóladh: 10				
Ainm	**Post**	**Líon na gcruinnithe ar a bhfreastalaíodh**	**Táillí 2021 €**	**Costais 2021 €**
David Begg	Cathaoirleach	10/10	20,520	0
Michael McGrath	Ionadaí na Roinne Airgeadais	10/10	0	0
Ciarán Lawler*	Ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí	10/10	0	0

*D'fhreastail Ciarán Lawler ar ocht gcruinniú ina cháil oifigiúil mar chomhalta den Údarás agus ar dhá chruinniú mar bhreathnóir (Eanáir agus Feabhra 2021).

Cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird

Ceaptar triúr comhaltaí Bhord an Údaráis Pinsean ("an tÚdarás") mar a leanas:

- Cathaoirleach – arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí.
- Gnáthchomhaltaí – ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ionadaí ón Roinn Airgeadais, arna n-ainmniú ag na hAirí faoi seach.

Amhail an 31 Nollaig 2021, ba mhná iad 0% de chomhaltaí an Údaráis agus b'fhir iad 100% acu. Mar sin ní chomhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag fir agus mná araon ar na Boird Stáit.

Is ar an Aire Coimirce Sóisialaí atá cúram na gceapachán chuig an Údarás. Maidir le haon cheapachán chuig an Údarás amach anseo, díreoidh an Cathaoirleach aird an Aire ar an gcothromaíocht inscne atá ann faoi láthair ar an Údarás.

Ó bunaíodh an tÚdarás Pinsean (ar a dtugtaí an Bord Pinsean an tráth sin) in 1990, bhí 28 bean ina ngnáth-chomhaltaí den Bhord. In 2013, athraíodh comhdhéanamh an bhoird ó 17 gcomhalta go triúr leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013. Ina theannta sin, bhí triúr ban ina gCathaoirligh ar an Údarás ó 1990.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an tÚdarás Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) lena gcuimsítear triúr mar chomhaltaí agus cathaoirleach neamhspleách.

Is é ról an ARC comhairle neamhspleách a thabhairt don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta na gcóras rialachais san eagraíocht mar aon le hiontaofacht maidir le tuairisciú airgeadais.

Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht laethúil na heagraíochta ag an bhFeidhmeannas. Cinntíonn an ARC go háirithe go ndéantar maoirseacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh.

Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Ceathrar comhaltaí atá ag an ARC agus ag deireadh 2021, iad seo a leanas a bhí i gceist:

- An tUasal Bill Cunningham, Cathaoirleach (Neamhspleách).
- An tUasal Michael Roche, comhalta neamhfheidhmiúcháin.
- An tUasal Kevin Barron, ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí.
- An tUasal Brendan O'Leary, ionadaí na Roinne Airgeadais.

Bhí cúig chruinniú ag an ARC in 2021.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an ARC le haghaidh 2021 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach comhalta:

Cruinnithe an ARC in 2021 Líon na gcruinnithe a tionóladh: 6				
Ainm	**Post**	**Líon na gcruinnithe ar a bhfreastalaíodh**	**Táillí 2021 €**	**Costais 2021 €**
Bill Cunningham	Cathaoirleach	6/6	2,414	0
Kevin Barron	Ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí	6/6	0	0
Brendan O'Leary	Ionadaí na Roinne Airgeadais	6/6	0	0
Michael Roche	Gnáthchomhalta	6/6	1,697	0

Ní bhfuair na comhaltaí a leanas aon táille ón Údarás ná ón ARC faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin':

- Ciarán Lawler.
- Michael McGrath.
- Kevin Barron.
- Brendan O'Leary.

Nochtuithe a éilítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.
Teastaíonn na nochtuithe a leanas faoin gCód:

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá sonraí maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 agus costais thuarastail an phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i nóta a trí sna ráitis airgeadais.

Costais chomhairleachta

Cuimsítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe leo.

	2021 €	2020 €
Comhairle dhlí	221,978	155,662
Comhairle airgeadais/achtúireach	9,840	0
Caidreamh poiblí	0	0
Comhairleacht taighde	38,988	30,808
Feabhsú gnó	0	40,565
Comhairliúchán TFC	87,857	348,704
Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh	146,078	331,550
Costais chomhairleachta iomlána	**504,741**	**907,289**

	2021 €	2020 €
Costais chomhairleachta arna gcaipitliú[2]	87,857	348,704
Costais chomhairleachta a chuirtear chun dochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	416,884	558,585
Iomlán	**504,741**	**907,289**

Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí

Soláthraítear miondealú leis an tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas san áireamh leis sin a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta arna fáil ag an Údarás atá nochta i gcostais chomhairleachta thuas.

	2021 €	2020 €
Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlíthiúla	2,663	1,458
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socraíochtaí	0	0
Iomlán	**2,663**	**1,458**

2 I gcás €87,857 de na costais chomhairleachta arna gcaipitliú, baineann siad le tionscadail forbartha TF agus léirítear i nóta 11 iad. Baineann costais chaipitlithe le tionscadail bhonneagair TF agus rinneadh caipitliú orthu de réir na rialacha atá leagtha amach in FRS102.

Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

	2021 €	2020 €
Sa tír seo:		
- Comhaltaí an Údaráis	0	0
- Fostaithe	2,359	3,348
Idirnáisiúnta:		
- Comhaltaí an Údaráis	0	0
- Fostaithe	0	6,735
Iomlán	**2,359**	**10,083**

Caiteachas fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2021 €	2020 €
Fáilteachas d'fhostaithe[3]	11,155	10,466
Fáilteachas do chliaint	0	0
Iomlán	**11,155**	**10,466**

Ráiteas um chomhlíonadh

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit sa bhliain 2021.

David Begg
Cathaoirleach

22 Meitheamh 2022

Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

22 Meitheamh 2022

3 San áireamh leis sin, tá ranníocaíocht an fhostóra le coiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Aithnímse, thar ceann an Údaráis, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir chóras an rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh den Údarás don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Iniúchóireacht agus bainistíocht riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an Údarás agus tionóladh sé chruinniú den Choiste in 2021.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ag an Údarás freisin, ag a bhfuil acmhainní imleora agus a chuireann clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC.

Tá beartas bainistíochta riosca ag an Údarás, lena leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne an ARC an beartas agus na próisis bainistíochta riosca a fhaomhadh. Eisíodh an beartas do gach fostaí a bhfuiltear ag dúil go n-oibreoidh siad laistigh de phróisis bainistíochta riosca an Údaráis

Creat riosca agus rialaithe

Tá clár rioscaí ag an Údarás ina sainaithnítear bunrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh, a oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinneadh meastóireacht ar na croí-rioscaí atá roimh an Údarás agus rangaíodh iad de réir a suntais. Déanann an lucht ardbhainistíochta, an ARC agus an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár rioscaí go ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a réiteach, don lucht bainistíochta, don ARC agus don Údarás, más cuí, go pras. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Covid-19

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar thionchar Covid-19 ar a oibríochtaí agus a chúrsaí airgeadais. Cé go bhfuil roinnt ábhair neamhchinnteachta ann, tá muinín ag an Údarás go mbeidh sé in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022 agus ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin.

Measann an tÚdarás go bhfuil fáltais ó tháillí scéime pinsean ceirde agus PRSA, dá bhforáiltear faoi Acht na bPinsean, á mbailiú i gcomhréir leis na réamh-mheastacháin. Mar sin, is iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Aithníonn an tÚdarás gur teagmhas suntasach í paindéim Covid-19 atá ar siúl ón dáta tuairiscithe. Tá meon lándáiríre ag an Údarás i leith na paindéime agus tá monatóireacht leanúnach

á déanamh aige ar chúrsaí. Tá an gnó á fheidhmiú fós agus tá bearta i bhfeidhm chun fostaithe atá ag obair san oifig agus go cianda a chosaint. Tá gníomhaíochtaí an Údaráis á gcoinneáil ar bun agus á soláthar go dtí seo.

Ar an iomlán, is maith mar a d'éirigh le socruithe cianoibre an Údaráis mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19 in 2021. In ainneoin na ndúshlán, d'éirigh leis na fostaithe leanúint orthu ag dul in oiriúint go tapa gairmiúil don timpeallacht oibre fhíorúil agus leanadh ar aghaidh leis an obair thosaíochta go léir, lena n-áirítear obair mhaoirseachta ó lá go lá agus freagraí a thabhairt ar fhiosrúcháin ar an teileafón agus ar líne. Coinníodh na rialuithe airgeadais go léir ar bun agus d'oibrigh córais TF, an fheidhm earcaíochta agus an fheidhm soláthair go héifeachtach le linn na tréimhse sin.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go ndéantar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chomhlíonadh.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Is í obair na n-iniúchóirí, idir inmheánach agus sheachtrach, a chuireann bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tá lucht bainistíochta sinsearaí san Údarás freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021 an 26 Aibreán 2022.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Ní dhearnadh aon laigí sa rialú inmheánach a shainaithint maidir le 2021 a n-éilítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

David Begg
Cathaoirleach

22 Meitheamh 2022

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021			
		2021	2020
	Nótaí	€	€
Ioncam			
Táillí ar scéimeanna pinsean ceirde		4,114,246	3,954,198
Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta		4,207,036	3,958,237
Ioncam eile	2	1,338	1,712
Iomlán an ioncaim		**8,322,620**	**7,914,147**
Caiteachas			
Íocaíocht	3	6,685,138	5,850,242
Táillí chomhaltaí an Údaráis	5	20,520	20,520
Cíos agus costais oifige	6	851,266	794,249
Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	7	198,865	108,201
Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	8	185,509	220,367
Táillí gairmiúla	9	541,102	865,940
Riarachán ginearálta	10	1,128,465	899,937
Dímheas	11	246,236	228,350
Iomlán an chaiteachais		**9,857,101**	**8,987,806**
Easnamh don bhliain		**(1,534,481)**	**(1,073,659)**
Cúlchiste ioncaim ar an 1 Eanáir		6,665,390	7,739,049
Easnamh don bhliain		(1,534,481)	(1,073,659)
An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig		**5,130,909**	**6,665,390**

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

David Begg
Cathaoirleach

22 Meitheamh 2022

Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

22 Meitheamh 2022

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021			
		2021	2020
	Nótaí	€	€
Easnamh don bhliain		(1,534,481)	(1,073,659)
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir[4]	18	594,000	(2,995,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir		(960,000)	(4,544,000)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir	18	366,000	7,539,000
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		**(1,534,481)**	**(1,073,659)**

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

David Begg
Cathaoirleach

22 Meitheamh 2022

Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

22 Meitheamh 2022

4 Léirítear le 'Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir' an tionchar ar an luacháil dliteanais atá ag difríochtaí idir na toimhdí a rinneadh ag tús na bliana agus an taithí iarbhír i rith na bliana. Mar shampla, tagann gnóthachan nó caillteanas chun cinn mar thoradh ar dhifríocht idir luachanna measta agus iarbhír i gcás faisnéis bhásmhaireachta, boilsciú, boilsciú tuarastail, agus méaduithe ar phinsin.

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail an 31 Nollaig 2021					
		2021		2020	
	Nótaí	€	€	€	€
Sócmhainní neamhreatha					
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	11		637,084		767,156
Sócmhainní reatha					
Infháltais	12	1,020,749		1,045,606	
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	17	5,900,041		7,148,260	
		6,920,790		8,193,866	
Suimeanna ó chreidiúnaithe dlite laistigh de 1 bhliain amháin					
Suimeanna iníoctha	13	926,965		795,632	
Glansócmhainní reatha			**5,993,825**		**7,398,234**
Glansócmhainní roimh shochair scoir			**6,630,909**		**8,165,390**
Sochair Scoir					
Dliteanas sochair scoir	18		(38,409,000)		(36,120,000)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste	18		38,409,000		36,120,000
Glansócmhainní tar éis sochar scoir			**6,630,909**		**8,165,390**
Lena léirítear					
Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta	15	1,500,000		1,500,000	
Cúlchiste ioncaim	15	5,130,909		6,665,390	
			6,630,909		**8,165,390**

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

David Begg
Cathaoirleach

22 Meitheamh 2022

Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

22 Meitheamh 2022

RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021			
		2021	2020
	Nótaí	€	€
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid de thoradh gníomhaíochtaí oibriúcháin	16	(1,132,329)	(633,192)
Sreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí cistithe Ús a fuarthas		274	672
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach		(116,164)	(417,777)
Íocaíochtaí ó chuntais taisce ghearrthéarmacha		0	0
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa bhliain		**(1,248,219)**	**(1,050,297)**
Réiteach an ghlansreabhaidh airgid le gluaiseacht na nglanchistí	17		
Méadú/(Laghdú) ar ghlanchistí sa bhliain		**(1,248,219)**	**(1,050,297)**
Glanchistí ar an 1 Eanáir		**7,148,260**	**8,198,557**
Glanchistí ar an 31 Nollaig		**5,900,041**	**7,148,260**

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas ginearálta

Cuireadh an tÚdarás ar bun faoi Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus tá príomhoifig an Údaráis lonnaithe ag Teach Verschoyle, 28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis mar atá leagtha amach i gCuid 10 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú:

- monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Achta agus ar fhorbairtí i gcúrsaí pinsean i gcoitinne;
- comhairle a thabhairt don Aire, ar iarratas uaidh nó ar a chonlán féin, i dtaobh gach ní a bhaineann leis na feidhmeanna a shanntar don Údarás faoin Acht seo agus i dtaobh nithe a bhaineann le pinsin i gcoitinne;
- treoirlínte a eisiúint maidir le dualgais agus freagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna agus cóid chleachtais a eisiúint maidir le gnéithe sonracha dá chuid freagrachtaí;
- spreagadh a thabhairt le go gcuirfear saoráidí oiliúna iomchuí ar fáil d'iontaobhaithe scéimeanna;
- comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh caighdeán d'iontaobhaithe scéimeanna agus i dtaobh na caighdeáin sin a chur i ngníomh;
- tuarascáil bhliantúil, agus cibé tuarascálacha eile is dóigh leis is gá ó am go ham, a fhoilsiú; agus
- cibé tascanna a dhéanamh a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá san Údarás.

Is in euro atá na ráitis airgeadais ainmnithe.

b) Ráiteas um chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

c) Bonn a n-ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mura bhfuil a mhalairt luaite, sa leagan amach atá faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean 1990, arna leasú.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais an Údaráis.

d) Forchúitimh ón Oireachtas

Is éard atá i bhforchúitimh ón Oireachtas ná an méid a chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil i leith na bliana chun costais na sochar aoisliúntais a d'íoc an tÚdarás a fhorchúiteamh. Aithnítear forchúitimh ón Oireachtas sa bhliain inar íocadh na pinsin bhainteacha.

e) Ioncam ó tháillí

(i) <u>Táillí ar scéimeanna pinsean ceirde</u>

Tá na táillí iníoctha leis an Údarás ag iontaobhaithe scéime de réir Alt 25 d'Acht na bPinsean. Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 634 de 2010 - Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (Táillí) (Leasú), 2010. Tá na táillí i leith grúpscéimeanna iníoctha ar bhonn na bliana iarbhír agus tá na táillí i leith scéimeanna baill aonair iníoctha aon bhliain amháin i riaráiste.

Aithníonn an tÚdarás go ndéantar na táillí ar fad atá dlite mar ioncam ar bhonn na bliana féilire agus na táillí atá dlite i leith scéimeanna baill aonair a chur san áireamh mar fhéichiúnaithe ag deireadh na bliana.

(ii) <u>Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta</u>

Suimeanna atá dlite i leith táillí iarratais, táillí táirge agus táillí bliantúla, déantar iad a ghearradh ar sholáthraithe Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA). Déantar na táillí bliantúla PRSA a ríomh trí thagairt do líon na dtáirgí ceadaithe agus do luach na gcistí atá faoi bhainistiú ag an soláthróir amhail ag deireadh na bliana roimhe.

Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 506 de 2002 - Na Rialacháin um Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (Táillí) (Leasú), 2002.

f) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim ar bhonn líne dírí, ón tráth

a chuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm. Feidhmítear dímheas ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos, ionas gur féidir sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe ó thaobh luach measta iarmharach, thar shaol ionchais gach catagóire cuí.

• Feabhsú ar léasacht	6⅔%	15 bliana
• Trealamh ríomhaireachta	25%	4 bliana
• Troscán oifige	12½%	8 bliana
• Trealamh oifige	20%	5 bliana

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht lena mbeifí ag súil ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar laghdú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain.

g) Léas oibriúcháin

Caitear le híocaíochtaí cíosa sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain lena mbaineann siad.

h) Sochair scoir (Féach nóta 18)

Cineál scéimeanna

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993, agus tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Shamhlach).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí – tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime (an "Scéim Aonair").

Ní mhaoiníonn an tÚdarás na scéimeanna agus is é an Státchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin. Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair).
- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá ranníocaíochtaí fostóra a íocann an tÚdarás cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A i Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D. Is ionann an ranníocaíocht fostóra a íocann an tÚdarás leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí.
- Tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bhíonn siad dlite.
- Aithnítear sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha i gcomhair sochar scoir ar an Scéim Aonair ar bhonn fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim aonair agus forálacha eile), 2012.

Go bunúsach, measann an tÚdarás gur leis an Údarás féin a fhanann an oibleagáid sochair phinsin a íoc ach tá sé geallta ag an Státchiste cistí leordhóthanacha a chur ar fáil don Údarás chun oibleagáidí den sórt sin a íoc de réir mar a bheidh siad dlite, ar choinníoll go n-íocfaidh an tÚdarás ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra ar rátaí arna sonrú ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin infhála iarchurtha ón státchiste araon, agus tá sonraí iomlána ar íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus is ann d'ioncam comhfhreagrach a sheasann d'fhorchúiteamh na n-íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha na scéime

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid le haghaidh maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste. Is iad costais phinsin sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe atá i gceist le ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

Dliteanais scéime

Tomhaistear dliteanais scéime ag luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte go dtí seo ag foireann an Údaráis ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais mar mhaoiniú sochair iarchurtha ón státchiste a mheas mar mhéid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide maidir le dliteanais na scéime pinsin.

i) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta

Ós rud é gur comhlacht rialála reachtúil é an tÚdarás a bhfuil de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, mar aon le

forfheidhmiú an chomhlíonta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Údarás dul chun dlí ó am go chéile.

D'fhéadfadh sé go dtarraingeodh a leithéid de chaingean costais shuntasacha ar an Údarás i gcásanna áirithe. Ní féidir a thuar cén uair a thiocfadh cásanna den sórt sin chun cinn ná cá mhéad a chosnóidís, ach tá an tÚdarás den tuairim gur stuama an rud é a leithéid de chostais a roinnt thar na blianta d'fhonn a chinntiú go mbeadh fáil ar a dhóthain acmhainní in am an ghátair.

Aistrítear suimeanna ón ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe chuig an gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta dá réir sin nuair a mheastar stuama nó riachtanach.

Aistrítear suimeanna ón gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta chuig an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe i gcás imeachtaí móra dlí .i. achomharc ar chaingean dlí san ard-chúirt.

j) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin.

Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaol sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid sochair scoir

Maidir leis na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta ar chostas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. Is ionann bonn an ghnóthais leantaigh agus breithiúnas criticiúil freisin.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin; agus

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo.

2. Ioncam eile

Ioncam eile	2021 €	2020 €
Ioncam ó ús	274	672
Aisghabháil costas ionchúisimh	0	1,040
Ioncam ilghnéitheach	1064	0
	1,338	**1,712**

3. Íocaíocht

B'ionann meánlíon na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha le linn na bliana agus 83.5 (2020, 71) agus b'ionann an Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus 95 ag deireadh 2021 (2020, 93.5). Is mar seo a leanas a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus párolla:

Íocaíocht	2021 €	2020 €
Tuarastail	5,091,811	4,265,820
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra	964,491	810,962
Ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra	558,075	433,739
Foireann ghníomhaireachta/shealadach	70,761	339,721
	6,685,138	**5,850,242**

Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad an Rialtóir Pinsean agus Ceann an Aonaid Oibriúcháin (Airgeadas) an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás Pinsean. Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach fostaithe maidir le príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2021 €	2020 €
Tuarastail[5]	278,658	271,085

5 Tá na figiúirí ag teacht leis na gráid mar atá leagtha amach i gCiorclán 19/2021. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá gach duine den phríomhphearsanra bainistíochta ina bhall de scéim pinsin an Údaráis Pinsean agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin téarmaí na scéime eiseamláireaí pinsin seirbhíse poiblí.

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe[6]

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

Raon na sochar iomlán d'fhostaithe		Líon na bhfostaithe	
Ó €	Go €	2021	2020
60,000	69,999	10	3
70,000	79,999	12	8
80,000	89,999	3	4
90,000	99,999	2	0
100,000	109,999	2	3
110,000	119,999	4	3
120,000	129,999	0	0
130,000	139,999	0	0
140,000	149,999	0	0
150,000	159,999	0	0
160,000	169,999	1	1

4. Luach saothair an Rialtóra Pinsean[7]

Luach saothair an Rialtóra Pinsean	2021 €	2020 €
Tuarastal	163,327	160,524
Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra	40,832	40,131
	204,159	**200,655**

Is ball de scéim pinsin an Údaráis Pinsean é an Rialtóir Pinsean agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin dá chuid na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach sa scéim eiseamláireach pinsin seirbhíse poiblí le sochar sainithe. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse thuas.

5. Táillí chomhaltaí an Údaráis

Táillí chomhaltaí an Údaráis		
Ainm	2021 €	2020 €
David Begg - Cathaoirleach	20,520	20,520

6 Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

7 San áireamh i gcostais fostaithe i nóta 3.

6. Cíos agus costais oifige

Cíos agus costais oifige	2021 €	2020 €
Cíos[8]	648,400	558,400
Táille sheirbhíse	107,138	124,958
Rátaí	63,838	20,925
Leictreachas	10,063	43,233
Glantachán	7,198	18,062
Cothabháil ghinearálta	12,077	25,915
Stóras lasmuigh den láthair	2,552	2,756
	851,266	**794,249**

Tá an tÚdarás lonnaithe in áitreabh oifigí ar an gcéad, dara agus ceathrú hurlár agus i mbonnlach ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliana, ar cuireadh tús leis an 16 Iúil 2001. Rinne an tÚdarás léas breise le haghaidh an tríú hurlár de Theach Verschoyle ón 21 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 15 Iúil 2026.

7. Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann

Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	2021 €	2020 €
Oiliúint agus oideachas	187,591	98,261
Costais a bhaineann leis an bhfoireann[9]	11,274	9,940
	198,865	**108,201**

8. Faisnéis, taighde, agus poiblíocht

Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	2021 €	2020 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta	120,697	158,083
Clódóireacht, foilseacháin, agus láithreán gréasáin	64,812	62,284
	185,509	**220,367**

8 Áirítear le cíos fabhrú le haghaidh mhéadú €90,000 don tréimhse idir Iúil agus Nollaig 2021, faoi réir athbhreithniú ar an gcíos reatha.

9 Áirítear ranníocaíochtaí le coiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile leis.

9. Táillí gairmiúla

Táillí gairmiúla	2021 €	2020 €
Comhairle dhlí	224,641	157,119
Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh	146,078	331,550
Comhairleacht taighde	38,988	71,373
Táillí ar iniúchadh inmheánach	24,116	9,608
Táillí ar iniúchadh reachtúil	21,000	20,600
Comhairleacht agus fógraíocht earcaíochta	29,361	25,472
Eile[10]	56,918	250,218
	541,102	**865,940**

10. Riarachán ginearálta

Riarachán ginearálta	2021 €	2020 €
Costais stáiseanóireachta agus riaracháin[11]	15,435	28,808
Síntiúis chorparáideacha	232,137	181,227
Teileafón agus postas	50,948	49,013
Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin	727,423	555,477
Taisteal agus cothú[12]	2,359	10,083
Árachas	72,406	54,865
Táillí bainc	27,757	20,464
	1,128,465	**899,937**

10 Áirítear iniúchadh slándála TFC agus comhairle theicniúil AD leis seo

11 Áirítear leis seo táillí do chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca de €4,111.

12 Tá san áireamh i gcostais taistil agus cothaithe:
a) Taisteal thar learl - €0 (lena n-áirítear €0 de thaisteal thar lear don Rialtóir Pinsean)
b) Costais an Rialtóra Pinsean - €0 (lena n-áirítear €0 do thaisteal thar lear) (2020 - €6,245)
c) Baineann taisteal agus cothú le taisteal intíre (táillí tacsaí) in 2021

11. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh[13]

	Feabhsú ar léasacht €	Trealamh ríomhaireachta €	Oifig troscán €	Trealamh oifige €	Obair chaipitil idir lámha €	Iomlán €
Costas nó luacháil						
Amhail an 1 Eanáir 2021	1,246,597	1,497,209	35,272	46,786	288,479	3,114,343
Breiseanna sa bhliain	0	56,524	0	0	59,640	116,164
Aistriú chuig trealamh ríomhaireachta		245,210			(245,210)	0
Diúscairtí sa bhliain	0	0	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2021	1,246,597	1,798,943	35,272	46,786	102,909	3,230,507
Dímheas Carntha						
Amhail an 1 Eanáir 2021	1,164,380	1,114,201	31,336	37,270	0	2,347,187
Diúscairtí sa bhliain	0	0	0	0	0	0
Muirear don bhliain	10,449	226,254	1,674	7,859	0	246,236
Amhail an 31 Nollaig 2021	1,174,829	1,340,455	33,010	45,129	0	2,593,423
Glanluach de réir na leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2020	82,217	383,008	3,936	9,516	288,479	767,156
Amhail an 31 Nollaig 2021	71,768	458,488	2,262	1,657	102,909	637,084

12. Infháltais

Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:	2021 €	2020 €
Ioncam ó tháillí	625,000	599,500
Réamhíocaíochtaí	308,544	343,434
Féichiúnaithe, eile	87,205	102,672
	1,020,749	**1,045,606**

13. Suimeanna iníoctha

Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:	2021 €	2020 €
Fabhruithe creidiúnaithe	272,754	86,731
Pá saoire fabhraithe	112,135	95,324
Creidiúnaí cánach	212,616	189,629
Creidiúnaithe trádála	329,460	423,948
	926,965	**795,632**

13 Cuimsítear leis an obair chaipitil idir lámha tionscadail forbartha TF atá ar siúl nach ndearnadh dímheas orthu go fóill.

14. Ceangaltais airgeadais

(i) **Ceangaltais chaipitil**
Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2021.

(ii) **Léasanna oibriúcháin**[14]
Is mar seo a leanas atá na ceangaltais a bhí le híoc ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal:

	2021 €	2020 €
Laistigh de 1 bhliain amháin	738,400	558,400
2-5 bliana	2,620,877	2,233,600
Os cionn 5 bliana	-	300,677
	3,359,277	**3,092,677**

Aithnítear íocaíochta ar léas mar chostas.

15. Cúlchistí ioncaim

	2021 €	2020 €
Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta		
Amhail ag tús na bliana agus ag a deireadh	1,500,000	1,500,000
Cúlchiste ioncaim		
Ag deireadh na bliana	5,130,909	6,665,390
	6,630,909	**8,165,390**

16. Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2021 €	2020 €
Easnamh don bhliain	(1,534,481)	(1,073,659)
Míreanna nach míreanna oibriúcháin iad		
Ioncam airgeadais	(274)	(672)
Míreanna nach míreanna airgid iad		
Dímheas	246,236	228,350
(Méadú)/Laghdú ar infháltais	25,772	(190,367)
Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha neamhchaipitil	130,418	403,156
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	0	0
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid de thoradh gníomhaíochtaí oibriúcháin	**(1,132,329)**	**(633,192)**

14 Áirítear le léas oibriúcháin fabhrú le haghaidh mhéadú €180,000 ar chíos in aghaidh na bliana, faoi réir athbhreithniú ar an gcíos reatha.

17. Anailís ar athruithe ar shreafaí airgid

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

	Amhail an 1 Eanáir 2021 €	Sreabhadh airgid €	Amhail an 31 Nollaig 2021 €
Airgead sa bhanc agus ar láimh	2,304,510	(1,244,505)	1,060,005
Taiscí gearrthéarmacha	4,843,750	(3,714)	4,840,036
	7,148,260	**(1,248,219)**	**5,900,041**

18. Cur chuige cuntasaíochta i leith sochair scoir

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 (tá struchtúr na scéime seo bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na Seirbhíse Poiblí).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí (tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime).

Scéimeanna reachtúla neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Státchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin faoi na scéimeanna.

Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- Déanann an tÚdarás ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair).
- Cuimsíonn an ranníocaíocht i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá na ranníocaíochtaí fostóra a dhéantar le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean cothrom le 25% de phá comhlán na bhfostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus le 30% de phá comhlán na bhfostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D, agus is é an tÚdarás a dhéanann na ranníocaíochtaí sin.

  Is ionann an ranníocaíocht fostóra a íocann an tÚdarás leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí.

- Tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

a) Luacháil achtúireach

Choimisiúnaigh an tÚdarás luacháil achtúireach ar dhliteanais sochar scoir faoi FRS102 ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar chostas na sochar (costais seirbhíse) a fhabhraítear i rith na bliana. Bunaíodh an luacháil sin ar an modh aonaid tionscadail, agus bhí na heochairthoimhdí airgeadais seo a leanas mar bhunphrionsabal ann (déantar comparáid le 2020):

	31 Nollaig 2021	31 Nollaig 2020
Ráta lascaine[15]	1.30% in aghaidh na bliana	0.60% in aghaidh na bliana
Ráta boilscithe	2.10% in aghaidh na bliana	1.30% in aghaidh na bliana
Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc	3.10% in aghaidh na bliana	2.30% in aghaidh na bliana
Méadú ar thuarastail inphinsin[16]	3.10% in aghaidh na bliana	2.30% in aghaidh na bliana

15 Sonraítear an ráta lascaine faoi FRS102 agus tá sé bunaithe ar an bhfáltas ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin ar an dáta luachála.

16 Áirítear leis seo liúntas i leith scálaí pá na hearnála poiblí.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí déimeagrafacha a úsáideadh chun na dliteanais sochair scoir a ríomh faoi FRS102 ag tús agus ag deireadh na tréimhse:

	31 Nollaig 2021		31 Nollaig 2020	
Básmhaireacht: roimh dhul ar scor	Dada		Dada	
Básmhaireacht: tar éis dul ar scor	58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh		58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh	
Ionchas saoil ag aois 65:	Fir	Mná	Fir	Mná
Dáta FRS:	21.9	24.3	21.8	24.2
Dáta FRS + 20 bliain:	24.2	26.3	24.1	26.2
Scor	Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir.		Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir.	
Bearna san aois	Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta baineann 3 bliana níos óige ná a céile		Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta baineann 3 bliana níos óige ná a céile.	

b) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar chaiteachas

	2021 €	2020 €
Ranníocaíocht iomlán an fhostóra[17]	974,407	810,962
Coigeartuithe d'fhostaithe ar iasacht agus aistrithe	(9,916)	(-)
Costas seirbhíse reatha[18]	2,055,000	1,424,000
Costas úis	228,000	369,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha an Státchiste	(2,283,000)	(1,793,000)
Méid iomlán a chuirtear chun dochar an ráitis ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe	**964,491**	**810,962**

17 2021 Léiríodh an leagan amach achtúireach in 2021 chun coigeartuithe maidir le fostaithe ar iasacht a chuimsiú. Mar thoradh air sin, ba ann do dhifríocht €794 i bhfigiúr comparáideach 2020 i gcomparáid leis an bhfigiúr a cuireadh i láthair i ráitis airgeadais 2020.

18 Áirítear leis ranníocaíochtaí fostaithe dar suim iomlán €416,000 in 2021 agus €328,000 in 2020.

c) Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin

	2021 €	2020 €
Glandliteanas pinsin ar an 1 Eanáir	36,120,000	27,146,000
Costas seirbhíse reatha	2,055,000	1,424,000
Costas úis	228,000	369,000
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	(594,000)	2,995,000
Athrú sna toimhdí	960,000	4,544,000
Sochair a íocadh i rith na bliana	(360,000)	(358,000)
Glandliteanas pinsean ar an 31 Nollaig	38,409,000	36,120,000

d) Coigeartuithe achtúireacha

	2021 €	2020 €
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	(594,000)	2,995,000
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir	960,000	4,544,000
Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir	(366,000)	(7,539,000)

e) Asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais

Is mar seo a leanas a bhí iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

	2021 €	2020 €
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra	957,318	810,168
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	254,717	199,211
Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise	161,393	129,036
	1,373,428	1,138,415

Miondealú ar íocadh asbhaintí pinsean

Tá fostaithe de chuid an Údaráis Pinsean ina mbaill de na scéimeanna a leanas:

- Scéim roimh 1995.
- Scéim tar éis 1995.
- Scéim aonair.

19 Áirítear le ranníocaíochtaí fostaithe €8,659 i leith seirbhís bharúlach arna ceannach.

Déantar ranníocaíochtaí pinsin maidir le scéimeanna eiseamláireacha roimh 1995 agus tar éis 1995 a íoc leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an Scéim Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá miondealú sa tábla thíos ar na híocaíochtaí.

	2021 €	2020 €
AN ROINN COIMIRCE SÓISIALAÍ:		
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra	550,315	525,697
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	119,050	104,388
Ranníocaíocht Aoisliúntais Breise	161,393	129,036
RCPA:		
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra	407,003	284,471
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	135,667	94,823
	1,373,428	**1,138,415**

f) Fáltais agus íocaíochtaí aoisliúntais

	2021 €	2020 €
Deontas Stáit i leith íocaíochtaí pinsin [20]	358,656	357,737
Sochair aoisliúntais íoctha	(358,656)	(357,737)

19. Nochtadh idirbheart

Tá Cód Cleachtais um Iompar Gnó i bhfeidhm ag an Údarás i leith comhaltaí dá chuid de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuimsítear leis an gCód um Iompar Gnó treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údaráis, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana atá cuimsithe sna ráitis airgeadais seo. Ní dhearnadh aon idirbheart airgeadais in 2021 le comhaltaí an Údaráis ach amháin na táillí Údaráis atá mionsonraithe i Nóta 5 a íoc.

20. Cáin

Tá an tÚdarás díolmhaithe ón gCáin Chorparáide de réir Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

21. Imeachtaí ina dhiaidh sin

Níor tharla aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an tÚdarás gur teagmhas suntasach í paindéim Covid-19 atá ar siúl ón dáta tuairiscithe. Tá meon lándáiríre ag an Údarás i leith na paindéime agus tá monatóireacht leanúnach á déanamh aige ar chúrsaí. Tá an gnó á fheidhmiú fós agus tá bearta i bhfeidhm chun fostaithe atá ag obair go cianda a chosaint. Go dtí seo, tá na hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí an Údaráis á gcoinneáil ar bun agus é ag dul in oiriúint don bhealach éagsúil ina bhfuil an gnó á reáchtáil.

22. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údaráis na ráitis airgeadais ar an 22 Meitheamh 2022.

20 37 Fo-cheannteideal A43.2, Vóta 37 na Roinne Coimirce Sóisialaí.

AGUISÍN I

Ballraíocht i scéimeanna pinsean ceirde agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSAnna)*

Tábla 1: Scéimeanna sochar sainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2021

Líon na scéimeanna agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2021						
Méid na scéime de réir baill ghníomhacha	Le Sochar Sainithe				Gach Scéim	
	Faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe		Nach bhfuil faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe			
	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha
Calctha	183	0	0	0	183	0
Á fhoirceannadh	14	0	0	0	14	0
Nach Grúpa	0	0	0	0	0	0
0 go dtí 50	224	2,710	42	821	266	3,531
51 go dtí 99	35	2,402	13	995	48	3,397
100 go dtí 500	68	16,847	22	4,737	90	21,584
501 go dtí 1.000	13	8,821	10	8,119	23	16,940
1,001+	16	85,051	18	404,262	34	489,313
Iomlán in 2021	**553**	**115,831**	**274**	**418,934**	**658**	**534,765**
Iomlán in 2020	566	112,336	105	405,783	671	518,119
Athrú ó 2020	**-13**	**3,495**	**0**	**13,151**	**-13**	**16,646**

Tábla 2: Scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2021

Scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2021		
Méid na scéime de réir baill ghníomhacha	**Líon na Scéimeanna**	**Baill Ghníomhacha**
Nach Grúpa	77,820	77,820
1-10	5,117	16,104
11-20	1,061	15,767
21-30	547	13,816
31-40	270	9,440
41-50	208	9,390
51-99	458	31,967
100-500	355	74,957
501-1,000	69	46,710
1,001+	59	141,225
Iomlán in 2021	**85,964**	**437,196**
Iomlán in 2020	82,211	411,044
Athrú ó 2020	**3,753**	**26,152**

*Tá sonraí faoi bhallraíocht scéimeanna bunaithe ar shonraí faoi chlárú i scéimeanna arna soláthar don Údarás ag aonáin rialáilte.

Sonraí PRSA

Tháinig méadú 17,852 ar líon na gconarthaí PRSA in 2021 agus is ann do 330,151 acu anois. Is é €9.5 billiún luach na sócmhainní atá á mbainistiú. Cuimsíodh na nithe a leanas leis na conarthaí:

- 240,603 conradh caighdeánach PRSA, agus
- 89,548 conradh PRSA neamh-chaighdeánach.

An tÚdarás Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
DO2 KX27

Teileafón: (01) 613 1900
www.pensionsauthority.ie

ISSN 1649 8690